

ATLAS OF THE IRISH REVOLUTION

Acmhainní do Scoileanna



College of
Arts, Celtic Studies
and Social Sciences

AONAD 6:

Réabhlóid Pholaitiúil: Borradh Shinn Féin

CUID 1

BILEOGA OIBRE NA SRAITHE SINSEARAÍ

Clár ábhair

Ceacht 1

Tar éis an Éirí Amach

Cúlra: Arthur Griffith (1871-1922) agus Bunús Shinn Féin

[3](#)

Doiciméid A-D

[5](#)

Ceisteanna Tuisceana, Doiciméid A, B, C agus D

[7](#)

Ceacht 2 -4

Fothoghcháin 1917

Cúlra: Fothoghcháin 1917

[9](#)

Doiciméid E agus F: Grianghraif

[10](#)

Bileog Oibre: Anailís Grianghraif

[11](#)

Doiciméid G agus H

[12](#)

Ceisteanna Tuisceana, Doiciméid G agus H

[14](#)

Feachtas Toghcháin A Reáchtáil

[15](#)

Na hIarrthóirí

[17](#)


Teimpléad Na Bileoige Toghchánaíochta

[21](#)

AONAD 6:

RÉABHLÓID PHOLAITIÚIL: BORRADH SHINN FÉIN

Ón tú斯 ar fad, rinne na meáin agus na húdaráis tagairt d'Éirí Amach 1916 mar 'Éirí Amach Shinn Féin'. Cé gur ghlac roinnt ball aonair Shinn Féin páirt ann, ní raibh baint ag Griffith é féin ná ag an bpáirtí é féin san Éirí Amach. Tríd an gceangal mícheart sin, teilgeadh Sinn Féin ó pháirtí ar a raibh beag aithne go páirtí ag croílár aimsiu neamhspleáchas na hÉireann.



Arthur Griffith (1871-1922), Bunathóir Shinn Féin

Rugadh an t-iriseoir agus polaiteoir Arthur Griffith i dteaghlaigh lucht oibre i mBaile Átha Cliath an 31 Márta 1871. D'fhreastail sé ar scoileanna na mBráithre Críostaí i lár thuaidh na cathrach ach d'fhág sé sula raibh sé trí bliana déag d'aois chun printíseacht a ghlacadh le clódóir i mBaile Átha Cliath. D'oibrigh sé ar dtús mar chlóchuradóir agus mar chóipscríbhneoir le *The Nation* agus leis an Irish Daily Independent agus diaidh ar ndiaidh bhain sé gairm mar iriseoir amach dó féin. Bhí díocas chun forbartha pearsanta air, agus mar thoradh air sin ghlac sé páirt i gcumainn litríochta agus díospóireachta Bhaile Átha Cliath. Bhí Griffith gníomhach freisin i gConradh na Gaeilge agus bhí sé ina bhall de Bhráithreachas Phoblacht na hÉireann (IRB) go dtí 1910 nuair a dhiúltaigh sé d'úsáid na láimhe láidre chun críocha na polaitíochta.

Tar éis tréimhse san Afraic Theas, tháinig Griffith ar ais chuig Baile Átha Cliath i 1899 chun glacadh le heagarthóireacht an nuachtáin radacaigh náisiúnach nua, *The United Irishman*. Agus é ag scríobh

faoin ainm pinn Cuguan, chuir sé dúshlán rialta roimh Pháirtí Pharlaiminteach na hÉireann as a réchúis agus bhain sé úsáid as an nuachtán chun an 'riachtanas práinneach' a chur in iúl mar a thug sé air chun Éire a dhíghalldú. I Meán Fómhair 1900 bhunaigh Arthur Griffith agus William Rooney Cumann na nGaedheal - scátheagraíocht a bhí deartha chun gníomhaíochtaí na ngrúpaí éagsúla a chomhordú a bhí tiomanta chun cur i gcoinne ghalldú leanúnach na tíre. Sna luathbhlianta den fichiú haois shamhlaigh Arthur Griffith stát Éireannach leithleach a bheadh nasc lag aige leis an mBreatain trí dhé-mhonarcacht bunaithe ar an eiseamláir Ostra-Ungárach. I bpaimfleád dar teideal 'The Resurgence of Hungary', a foilsíodh i 1904, rinne Griffith an argóint gur cheart do na TPanna Éireannacha eiseamláir na hUngáire sna 1860í a leanúint, tarraingt siar ó Westminster agus Parlaimint Éireannach a bhunú i mBaile Átha Cliath. Bhí an idé de náisiúnachas eacnamaíoch agus forbairt thionsclaíoch an oiléain ag croílár na físe polaitiúla a bhí aige.

Nuair a theip ar *The United Irishman* i 1906, thosaigh Griffith a nuachtán laethúil údarásach, Sinn Féin, a chur in eager. D'éirigh ainm an nuachtáin inaithianta lena pholaitíocht scarúnaíoch agus ghlac an páirtí polaitiúil nua a bunaíodh i 1907 leis an ainm. Ba ionann Conradh Shinn Féin agus cónascadh den Chomhairle Náisiúnta (a bunaíodh i 1903 chun agóid a dhéanamh i gcoinne chuairt Rí Edward VII ar Éirinn), clubanna Dhún Geanainn, Inghinidhe na hÉireann agus Cumann na nGaedheal. Ba bheartas féintuilleamaí eacnamaíoch, chultúrtha agus pholaitiúil náisiúnta an beartas a bhí ag Sinn Féin. Tharraing an páirtí a bhallaíocht ó lucht an náisiúnachais chultúrtha agus ón IRB. D'ainneoin an fháis i líonta na mbraínsí - 1906 (21), 1907 (57) agus 1909 (132) - d'fhan an páirtí ar imeall na polaitíochta náisiúnaí agus faoi 1914 bhí sé beagnach imithe as radharc.

SINN FÉIN: TAR ÉIS AN ÉIRÍ AMACH

Mar thoradh ar an Éirí Amach rinneadh bunathrú ar thírdhreach pholaitiúil na hÉireann - thar na blianta beaga tar éis sin, mar gheall ar imeachtaí in Éirinn agus go hidirnáisiúnta chuirfí deireadh le hionchas ar bith de réiteach Rialtais Dúchais mheasarthá. Mar gheall ar ghníomhaíochtaí rialtas na Breataine in Éirinn agus meathlú leanúnach an Pháirtí Rialtais Dúchais tar éis Éirí Amach 1916, rinneadh an bealach a réiteach d'fhás náisiúnachais níos míchuibheasaí arna léiriú ag dhá eagraíocht - Óglaigh na hÉireann a raibh borradh nua fúthu agus Sinn Féin nua.

PIONÓS TROM

Laistigh de roinnt seachtainí tar éis an Éirí Amach, bhí dlí míleata curtha i bhfeidhm ag an Leifteanant-Ghinearál Maxwell agus bhí sé tar éis maoirseacht a dhéanamh ar bhású na gceannairí agus ghabháil agus ar dhíbirt na mílte de 'Sinn Féiners' (Lucht Shinn Féin). D'éirigh go leor daoine a bhí naimhdeach roimhe sin do 'Éirí Amach Shinn Féin' ina dtaoibhaitheoirí leis na reibiliúnaigh. Bhí siopaí Bhaile Átha Cliath lán go doras le hearraí cuimhneacháin faoin Éirí Amach: cártaí poist, cártaí Afrinn, bileoga amhrán, suaitheantais, brataí agus paimfleíd. Bhí cuid mhór de na hearraí sin olltáirgthe ag Sinn Féin. Rinneadh mairtírig de na ceannairí reibiliúnacha agus tharraing aifrinн chuimhneacháin na sluite daoine agus thug siad bualaigh bos do na gaoil agus iad ag teacht amach as na heaglaisí. Méadaíodh an mothúchán de phobal feargach mar thoradh ar thriail agus bású Roger Casement i bpriúsn Pentonville i Lúnasa 1916, mar aon le foilsíú tuarascála fiosrúcháin ar bhású an iriseora agus síochánaí Francis Sheehy Skeffington le linn Sheachtain na Cásca.

GABHÁLACHA FORLEATHANA

Gabhadh níos mó ná 3,400 duine - go leor acu go héagórách - don pháirt a ghlac siad in 'Éirí Amach Shinn Féin' mar a tugadh air. Cé gur scaoileadh

saor roinnt acu, seoladh beagnach 2,000 chuig campaí imtheorannaithe amhail Fron Goch sa Bhreatain Bheag. B'ait thraenála campa príosúin iargúlta na Breataine Bige - ar a dtugadh 'Ollscoil na Réabhlóide' - do chuid mhór daoine a rachadh ar aghaidh chun ról thábhachtacha a ghlacadh i gCogadh na Saoirse.

Chuidigh eagraíochtaí amhail Cumann Cabhrach Náisiúnta na hÉireann agus Ciste do Chleithiúnaithe Óglaigh na hÉireann le hairgead chun tacú le teaghlaigh na bpriúsnach agus spreag siad trua agus spéis an phobail. Rinne na heagraíochtaí sin na naisc a choimeád idir an IRB agus na hÓglaigh sin a bhí in ann gabháil a sheachaint agus a chuaigh ar a dteitheadh tar éis an Éirí Amach.




[Foinse: Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, Ke 125]

I Nollaig 1916, d'ordaigh an Príomh-aire nua, David Lloyd George, scaoileadh saor níos mó ná 1,800 imtheorannaí - agus Arthur Griffith ina measc - nár cuireadh ar thriail. Bhí léirsithe poiblí móra ann chun fálte a chur roimh na príosúnaigh ag teacht abhaile. D'fhan Griffith ina cheannaire ar Shinn Féin a bhíanois i mbéal an phobail trína lán fothoghchán rathúil sna míonna tar éis sin. Méadaíodh ballraíocht an pháirtí le teacht isteach líonta de radacaigh óga a scaoileadh saor le gairid - agus go leor acu ina mbaill freisin d'Óglaigh na hÉireann a raibh borradh nua fúthu.

- Doiciméad A -

Leathanaigh ó leabhar síniúchán de chuid Joseph Kelly, príosúnach i Fron Goch i 1916

Bhí an iontráil le James Joseph Grace ó Chomplacht C, an 3ú Cathlán, Briogáid Bhaile Átha Cliath, ina hiontráil thipiciúil, ag cur in iúl na dtuairimí thígrára a bhí le léamh sna leabhair síniúchán sin. Throid Grace ag Cath Dhroichead Shráid an Mhóta i 1916. Tar éis an Éirí Amach coinniodh é i nDún Richmond sular aistríodh é go Príosún Wakefield i Yorkshire. Tar éis trí seachtaine aistríodh é chuig Fron Goch áit ina raibh sé go dtí an Nollaig 1916.



Autograph book courtesy of the Kelly family. See further examples <http://www.kilmalhamgaolautographbooks.ie/books/>

- Doiciméad B -



Sluaithe ar Rae Westland, Baile Átha Cliath, ag fanacht chun bualadh le príosúnaigh a scoileadh saor i Meitheamh 1917.

- Doiciméad C -

Leagan giorraithe san *Irish Independent* maidir le scaoileadh saor príosúnach i Nollaig 1916.

Irish Independent

TUESDAY, DECEMBER 26, 1916

BACK FROM THEIR INTERNMENT

Prisoners numbering 146, mostly from Athenry and Oranmore districts, who had been detained in Frongoch Prison Camp were released on Friday evening, and reached Ireland on Sat. morning. The remaining Frongoch prisoners, to the number of over 300, arrived by boat at the North Wall (Dublin) at 8.40 a.m. on Sunday morning ... About 100 additional men arrived by the mail boat at Kingstown. The majority of those were from the South and West; There were only about half a dozen Dublin men among them.

FRIENDS' ALL-NIGHT VIGIL.

Numbers of relatives and friends kept an all-night vigil at the North Wall to welcome back the released men. The spectacle of the anxious groups of people in the early morning, with wind and rain following frost, was strikingly pathetic. They stood outside the gates of the L. and N.W. Railway greeting their friends as they passed through the portals. It was a touching scene...

A number of members of the National Aid Association met the boat on its arrival, and gave instructions to those who were in need of funds to call at the offices in Exchequer St. during the afternoon ... The majority of the Frongoch men were quite cheerful, and made no complaints about the hardships they had undergone ... All the prisoners looked in robust health. Many of them wore beards ...

WELL KNOWN NAMES.

The last batch of prisoners arrived (on Monday) morning at Westland Row. They had been confined in Reading (Jail), and included many well-known people, such as:- Sean T. O'Kelly, ... Arthur Griffith, ex-Alderman W. Cole, P. J. Doris, editor "Western News"; Terence McSweeney, Cork and Jes, McCormick of the Irish Citizen Army. The majority looked wan and sickly, and quite bore out, in their physical appearance, the accounts which they gave as to their treatment. "We had four months of porridge for breakfast and dinner," remarked one gentleman, "and if it were not for the parcels which arrived some must have died from hunger."

For the past three weeks, our representative was informed, the prison was stricken by an epidemic resembling influenza. Numbers of the prisoners were affected, and it is feared that the effects in some cases may be lasting ...

- Doiciméad D -

Sliocht as cuimhní cinn Ella Young (1867-1956), file agus réabhlóidí. Cuimhníonn sí ar filleadh priosúnaigh Éirí Amach 1916 a scaoileadh saor i Meitheamh 1917.

A Prisoner's Return



One morning, in the coldness before dawn, the streets of Dublin heard the patter of running feet. Somehow from the port of Dunleary miles away, word had filtered through that the prisoners taken in the Rising and lodged in English prisons had been landed: landed at that early hour and without warning, to prevent a reception of any kind. But there was going to be a reception. Newsboys, young men, sympathisers of every kind, running on foot brought the news to Dublin. The citizens were trooping to Dunleary on foot. There were no cars at that hour of the morning, no railway trains and only a few people had autos. But the people were there. They formed a cheering procession and escorted the released prisoners into Dublin. The news spread; folk threw up their windows, flags appeared, from house to house the occupants tumbled into the street, eager for news, eager for the sight of the returned heroes. De Valera was there.

"Where is the Countess Markievicz?" was the cry. "We want the Countess!" ... Next day, towards evening, the Countess entered Dublin in the midst of a long procession, with banner after banner and brass band after brass band; with riders on horseback; with running boys waving branches; with lumbering floats drawn by big slow-footed, good-natured Clydesdale horses; ...

Upon a float piled high with flowers and greenery the Countess stood, very fair to look on, radiant and slender. Towering beside her was a large Sinn Féin flag: green and orange and white. From a window, I could see the River Liffey, curving between its wharfs and tall narrow-fronted houses, spanned by bridge upon bridge till lost in the distance. When the Countess crossed the bridge nearest to me, every bridge behind her was a-toss with red flags, and the people were singing *The International...*

CEISTEANNA TUISCEANA

Doiciméad A - D

1. Cathain, cá háit agus cad chuige ar cruthaíodh Doiciméad A?

Cathain ----- Cá háit -----

Cad chuige -----

2. Bunaithe ar do léamh ar Dhoiciméad A, cén tuairim a bhí ag Grace faoi Éirí Amach 1916?

3. Cathain a tógadh an grianghraf? (*Doiciméad B*)

5. De réir scríbhneoir Dhoiciméad C, cá mhéad príosúnach san iomlán a tháinig ar ais ó Fron Goch go Baile Átha Cliath an deireadh seachtaine roimh an Nollaig 1916?

6. Cad é mar a chuireann an t-iriseoir síos ar mheon agus ar chuma na bpríosúnach a scaoileadh saor ó Fron Goch? (*Doiciméad C*)

7. Bunaithe ar Dhoiciméad C, cén difear a bhí ann idir na príosúnaigh ó Phríosún Reading agus na príosún aigh ag teacht ar ais ó Frongoch?

8. Is alt measartha fíorasach é, alt an *Independent*, ach an bhfuil aon fhianaise ann ar thuairim ar bith? (*Doiciméad C*)

9. De réir Ella Young, cad é mar a tháinig an nuacht faoi theacht ar ais na bpríosúnach chuig Baile Átha Cliath? (*Doiciméad D*)
-
10. Cén fáth, i do bharúil, a raibh Éamon de Valera luaite ag Ella Young go sainiúil? (*Doiciméad D*)
-
11. An bhfuil aon fhianaise ann go raibh Ella Young claonta i dtreo na Cuntaoise Markievicz? (*Doiciméad D*)
-
12. Cad iad na láidreachtaí agus laigí príomhúla a bhaineann le cuimhní cinn mar fhoinse stairiúil i do bharúil?

Láidreachtaí: -----

Laigí: -----

13. Cén fhoinse as na ceithre fhoinse (A-D) a bhí ina foinse is faisnéisí dar leat maidir leis an athrú ar thuairim an phobail faoi Éirí Amach 1916 idir Aibreán 1916 agus Meitheamh 1917? Mínigh do fhreagra.
-
-
-
-

TASC AN SCOLÁIRE:

- 14(a) Samhlaigh gur tusa James Joseph Grace agus tá tú díreach tar éis a bheith scaiolte saor ó phríosún. Ag baint úsáid as foinsí A-D mar spreagadh, scríobh litir ghairid chuig cara ag cur síos ar na nithe a leanas:
- Imeachtaí an lae a tháinig tú ar ais go hÉirinn
 - Do mhothúcháin faoi na himeachtaí sin
 - An dóchas atá agat don todhchaí



NÓ

- 14(b) Déan taighde ar scéal duine as do cheantar féin a rinneadh a imtheorannú i Fron Goch tar éis Éirí Amach 1916. Scríobh cuntas gairid ar na nithe a leanas:
- Thosach shaol an duine
 - An baint a bhí ag duine, más ann dóibh, le himeachtaí 1912-1916
 - Sonraí ar bith faoina sheal i Fron Goch
 - A chuid gníomhaíochtaí tar éis dó a bheith scaiolte saor ó Fron Goch



FOTHOGHCHÁIN 1917

Ag túis 1917 shocraigh grúpa scarúnaithe i Ros Comáin thuaidh faoi cheannas an Athair Michael O'Flanagan chun seasamh i gcoinne an Pháirtí Rialtais Dúchais i bhfothoghchán a bhí ag teacht. Ba é an t-iarrthóir a bhí acu an Cunta George Noble Plunkett, iar-stiúrthóir Ard-Mhúsaem na hÉireann agus athar cheannaire na reibiliúnach a cuireadh chun bás, Joseph Plunkett. Leis an bhfeachtas dá chuid spreagadh na faicsin scarúnaíocha éagsúla (amhail sean-Shinn Féin, an IRB, Cumann na mBan, Conradh na Gaeilge agus na hÓglaigh) chun teacht le chéile chun críocha toghchánaíochta.

Mar gheall ar smacht, ar fhuinneamh agus ar dhíograis fheachtas an toghcháin bhuaigh Plunkett gan stró agus fuair sé 3,022 vóta de na 5,403 vóta a caitheadh - níos mó ná vótaí na n-iarrthóirí eile comhcheangailte, Jasper Tully (Neamhspleách) agus T.J. Devine (An Páirtí Rialtais Dúchais). Cé gur sheas sé mar iarrthóir Neamhspleách, ba é Plunkett an chéad ionadaí tofa a chuir beartas Shinn Féin i bhfeidhm trí dhiúltú do ghlacadh a shuiocháin ag Westminster (staonadh).

Leathadh Páirtí Shinn Féin go mear ar fud na tíre agus leas á bhaint acu as an mbaint le hÉirí Amach 1916, le Óglaigh na hÉireann, le bua an Chunta Plunkett agus le hiriseoireacht Arthur Griffith.

Nuair a bhí feachtas fothoghcháin eile ar siúl i Longfort Theas i mBealtaine 1917, mhothaigh na scarúnaithe muiníneach go leor chun iarrthóir níos radacaí a roghnú, Joe McGuinness, a bhí fós i bpriosún as a ról in Éirí Amach 1916. Mar gheall ar bhua McGuinness (le seacht vóta agus tríocha) cuireadh a thuilleadh fuinnimh i bpáirtí Shinn Féin agus lean sé leis chun leathadh. Ba dhaoine óga go háirithe a thacaigh le Sinn Féin agus an-tarraingt ag an bpáirtí óigeanta agus dinimiciúil orthu.

I Meitheamh 1917 scaoileadh saor na príosúnaigh uile a bhí fágtha ó phriosún i Sasana agus go luath ina dhiaidh sin roghnaíodh Eamon de Valera - an

t-aon cheannfort ó Éirí Amach 1916 a bhí fós beo - chun seasamh sa chéad fholúntas parlaiminteach eile in Oirthear Chontae an Chláir. Bhain de Valera leas as tacaíocht na hEaglaise Caitlicí agus léiríodh é mar dhuine de 'laochra na Cásca' le linn fheachtas an toghcháin. Ba é an toradh air sin go raibh bua ollmhór ann dó, agus a dhá oiread vótaí aige, an 10 líil 1917. Leanadh é sin le bua eile nuair a toghadh W.T. Cosgrave - seansaighdiúir eile 1916 - do shuiochán uirbeach Chill Chainnigh i Lúnasa.

De ghnáth rinne Sinn Féin go maith i limistéir i bhfad ó Bhaile Átha Cliath, ina raibh traidisiún le déanai de chorraí thalúntais nó d'achránn polaitiúil, agus ina raibh céatadán mór den daonra ag obair ar fheirmeacha.

- *Atlas of the Irish Revolution, Cork, 2017* -

Cruthaíodh leis na fothoghcháin gurbh fhéidir torthaí a tháirgeadh trí pholaitíocht agus gurbh fhéidir - sna himthosca nua arna gcruthú ag Éirí Amach 1916 agus ag an tréimhse tar éis sin - an Páirtí Rialtais Dúchais a threascairt. Rinneadh fir óga a oiliúint sna fothoghcháin freisin ar scileanna na polaitíochta agus soláthraíodh an phoiblíocht a theastaigh go mór ó Shinn Féin mar aon le mothúchán an fhuadair don pháirtí athmhúscaillte. Sna míonna tar éis sin cuireadh brainsí de Shinn Féin ar bun i mbeagnach gach baile agus sráidbháile in Éirinn náisiúnach. Faoi dheireadh 1917 léiríodh leathadh mear Shinn Féin lena bhallaíocht de thimpeall ar 120,000.



[Foinse: Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, Ke 141]

- Doiciméad E -



[Foinse: Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, Ke 141]

W.T. Cosgrave agus Laurence Ginnell, T.P., i ngluisteán le linn fheachas an toghcháin i gCill Chainnigh, agus tacadóirí Shinn Féin timpeall orthu.

- Doiciméad F -



[Foinse: Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, Ke 131]

Éamon de Valera in éide Óglaigh na hÉireann ag tabhairt aithisc do thacadóirí Shinn Féin ó chéimeanna Theach na Cúirte in Inis, Co. an Chláir, an 11 Iúil 1917.

Bileog Oibre: Anailís Grianghraif

1. NA BUNRUDAÍ

Cineál an Ghrianghraif: ticeáil aon bhoscaí atá infheidhme

Doiciméad A	Doiciméad B	Doiciméad A	Doiciméad B	Doiciméad A	Doiciméad B
Portráid	<input type="checkbox"/>	Ar Staidiúir	<input type="checkbox"/>	Daite	<input type="checkbox"/>
Imeacht	<input type="checkbox"/>	Gan ar Staidiúir	<input type="checkbox"/>	Dubh & Bán	<input type="checkbox"/>
Tírdhreach	<input type="checkbox"/>	Féinín	<input type="checkbox"/>	Gar-amharc	<input type="checkbox"/>
Ailtireacht	<input type="checkbox"/>	Aicsean	<input type="checkbox"/>	Leathanradharc	<input type="checkbox"/>
Teaghlaach	<input type="checkbox"/>	Ón Aer	<input type="checkbox"/>	Daite	<input type="checkbox"/>

2. AN CHÉAD IMPRISEAN

Doiciméad 1

Doiciméad 2

Cathain a tógadh an grianghraif agus cá háit?		
Liostaigh na daoine/grúpaí, rudaí sa ghrianghraif		
Cad iad na bearta/gníomhaíochta atá ar siúl (más ann dóibh)?		
Cad é an chomharthaíocht choirp/gotha gnúise atá gafa sa ghrianghraif?		
Trí fhocal mar achoimre ar do chéad imprisean		

3. ANAILÍSIÚ

Doiciméad 1

Doiciméad 2

Cén fáth ar tógadh an grianghraif sin i do bharúil?		
Cad é atá tugtha le fios le huillinn/fráma/peirspictíocht an ghrianghraif faoi dearcadh an ghrianghrafadóra faoin ábhar?		
Cad iad na 3 aidiacht lena gcuirtear síos ar dhearcadh an ghrianghrafadóra ar an mbealach is fearr?		
An bhfuil aon cheisteanna gan freagairt agat faoin ngrianghraif?		

G (1)

Is Conscription Coming?

John Redmond said that if England could shew that Conscription in Ireland could be shewn to be necessary for the winning of the war he would agree to its enforcement.

England is now crying aloud that Conscription in Ireland is necessary.

Why then is Conscription not enforced? Not because of John Redmond, who, according to his own words is now willing that it should be enforced. Why then? Because firstly, of Easter Week, and the spirit it showed of the stubborn resolution of Irishmen. Secondly, because North Roscommon and South Longford showed that this stubborn resolution has spread through the whole country.

East Clare must keep the Flag flying, and defy John Redmond and the English Government.

Therefore, Vote for

EAMONN DE VALERA

<https://irishselectionliterature.com/2011/09/01/leaflets-from-eamon-de-valera-1917-east-clare-by-election/>

G (2)



G (5)

**THE
WEST'S AWAKE!
MEN OF
NORTH ROSCOMMON
Ireland Expects You
TO STRIKE A BLOW
FOR OUR SMALL NATIONALITY
AND RETURN
COUNT PLUNKETT**

As YOUR REPRESENTATIVE, and FREE HIM from EXILE, and his CHILDREN and your Countrymen from

Prison Chains.

Will North Roscommon Loosen their Bonds or set us as Gaolers over Irishmen.

The EYES of IRELAND are ON YOU!

The eyes of your sons and daughters beyond the seas, and of your countrymen scattered all over the world are on you

ALL true LOVERS of IRELAND TRUST ROSCOMMON, and WELL THEY MAY,

To Return **COUNT PLUNKETT**

Ballad of East Clare

Are you giving Patrick Lynch a vote? He's fat with English pay,
For he sat at home in comfort while Valera was away,
And he robbed us for the tyrant that he might get his share,
While Valera lay in prison for the sake of County Clare.

Oh, he dwelt in shoneen circles, where the Castle gold abounds,
In the company of Unionists and dirty kahaki hounds,
And as Chief Crown Prosecutor he bid the boys beware
Lest they'd land - like De Valera - in the jail for County Clare.

Oh, there's joy and hope in Ireland now; the prisoners are out
The young men laugh at England, and they raise the Sinn Féin shout,
And Ireland hails Valera now, who fought and suffered there
For the freedom of the country - for the poor of County Clare.


Tis my grief that any Redmondite should show his face again,
With their jobbing and recruiting and their slanders on Sinn Féin.
Faith we want no lying speechmakers, but men to fight and dare,
And the hero De Valera is the man for County Clare.

Reproduction. [Original Source: National Library of Ireland, EPH A323]

G (4)



G (6)



EAGRAÍOCHT SHINN FÉIN AR AN LEIBHÉAL ÁITIÚIL

D'fhás gluaiseacht Shinn Féin go mear ar leibhéal na cosmuintire (leibhéal áitiúil). Sa liosta de na clubanna a chomhthiomsaigh feidhmeannas Shinn Féin i Nollaig 1917 ba ionann na figiúirí do na cúigí agus na líonta a leanas:


An Mhumhain	(435)
Laighin	(293)
Connachta	(267)
Ulaidh	(245)

Bhí Cill Chainnigh sa fichiú háit as an dá chontae is tríocha ach feachtas W.T. Cosgrave ansin sa toghchán gairid agus teoranta don chathair. Bhí na deich gcontae ina raibh an lín is íseal in Ulaidh nó ar chósta oirthear na hÉireann. Is dócha go bhfuil an figiúr do Bhaile Átha Cliath míthreorach mar bheadh lín níos lú de chlubanna de dhíth mar gheall ar an daonra ard-dlúis ná mar a bheadh de dhíth i dtuathlimestoneir.

Is féidir lín ionlán íseal Chorcaí a mhíniú leis an bhfíoras gurbh é sin an t-aon limistéar lasmuigh d'Ulaidh aontachtach ina raibh Pháirtí Parlaiminteach na hÉireann Dúchais ag plé le cur i gcoinne i ndáiríre le fiordhéanaí. Ag an olltoighchán deireanach, i Nollaig 1910, bhuaigh Léig ar Son na hÉireann William O'Brien ocht suíochán as na deich suíochán i gcathair agus i gcontae Chorcaí. I gCorcaigh bhuaile lucht Shinn Féin le céile comhraic Pháirtí Parlaiminteach na hÉireann a raibh a eifeachtacht feabhsaithe ag an cur i gcoinne le déanaí.

- Doiciméad H -

Cóimheas na n-áitritheoirí le gach club Shinn Féin, Nollaig 1917



CEISTEANNA TUISCEANA

Doiciméad G - H

1. Cad iad an fhógraíocht éifeachtach/na teicnící mealltacha a bhfuil tú inn a shainaithint i nDoiciméad G1.

2. Cad iad na comparáidí a dhéantar sa bhaileád (Doiciméad G2) idir de Valera agus a chéile comhraic Patrick Lynch?

3. Cad iad na príomhchúiseanna, de réir Dhoiciméad G5, chun vóta a chaitheamh ar son an Chunta Plunkett?

4. Má bhí tusa i do vótálaí i 1917, cén ceann de na 6 phíosa d'ábhar toghchánaíochta (G1-G6) a bheadh ina ábhar is éifeachtaí/is mealltaí? Tabhair trí cúis le do fhreagra.

5. Cé acu cúige in Éirinn a raibh an lón is airde de chlubanna Shinn Féin ann i Nollaig 1917? (Doiciméad H)

6. An bhfuil tú in ann aon naisc a dhéanamh idir an méid atá ar eolas agat faoi fhothoghchán 1917 agus na sonraí atá léirithe ar an léarscáil? (Doiciméad H)

7. Bunaithe ar na sonraí atá curtha ar fáil sa léarscáil, cad é mar a chuirfeá síos ar leibhéal na tacaíochta do Shinn Féin i do chontae féin i Nollaig 1917? (Doiciméad H)

8. Tabhair trí chúis leis an tacaíocht mhéadaithe do Shinn Féin idir Aibreán 1916 agus Nollaig 1917.



FEACHTAS TOGHCHÁIN A REÁCHTÁIL

Le feachtais fhothoghcháin 1917 athraíodh timpeallacht pholaitiúil na hÉireann as éadan. Le linn an taisc seo iarrfar oraibh oibriú ingrúpaí chun scrúdú a dhéanamh ar na saincheisteanna a bhí i gceist, chun foghlaim faoi na hiarrthóirí, straitéis a ullmhú don fheachtas agus í a chur i ngníomh.

CUID 1. NA CÉIMEANNA PLEANÁLA

Céim 1: Déanfaidh do mhúinteoir an rang a eagrú ina ghrúpaí de cheathrar. Sannfar duine amháin de na hiarrthóirí a leanas do gach grúpa:

- (a) **An Cunta George Noble Plunkett**
Iarrthóir Neamhspleách, fothoghchán Ros Comáin Thuaidh, Feabhra 1917
- (b) **Thomas Devine**
Iarrthóir Pháirtí Parlaiminteach na hÉireann, fothoghchán Ros Comáin Thuaidh, Feabhra 1917
- (c) **Jasper Tully**
Iarrthóir Neamhspleách, fothoghchán Ros Comáin Thuaidh, Feabhra 1917
- (d) **Joseph McGuinness**
Iarrthóir Shinn Féin, fothoghchán Longfort Theas, Bealtaine 1917
- (e) **Paddy McKenna**
Iarrthóir Pháirtí Parlaiminteach na hÉireann, fothoghchán Longfort Theas, Bealtaine 1917
- (f) **Éamon de Valera**
Iarrthóir Shinn Féin, fothoghchán Oirtheor Chontae an Chláir, lúil 1917
- (g) **Patrick Lynch**
Iarrthóir Pháirtí Parlaiminteach na hÉireann, fothoghchán Oirtheor Chontae an Chláir, lúil 1917

Céim 2: Ba cheart do gach scoláire breathnú ar an mbileog phróifíle ábhartha ar na leathanaigh ina dhiaidh seo agus ar bhonn aonair:

- (a) Liostaigh 3 chús gur cheart do dhaoine vóta a chaitheamh ar son d'iarrthóra
- (b) Liostaigh 3 chús a d'fhéadfadh a bheith ag daoine le vóta a chaitheamh ar son iarrthóir(i) an fhreasúra

Céim 3: Ba cheart do na grúpaí teacht le chéile chun a gcéad idéanna a phlé agus ba cheart dóibh tú a chur le pleinál na straitéisí feachtais. Sula gcríochnaíonn an rang ba cheart do na scoláirí i ngach grúpa na tascanna taighde i gcodanna (1) agus (2) den **Bhileog Pleanála Feachtas** a chomhroinnt go cothrom eatarthu.

Céim 4: Ag tú a chéad ranga eile, ba cheart do na grúpaí teacht le chéile chun torthaí a dtáighde a chur i láthair agus chun a gcuid pleinála don fheachtas a thabhairt i gcríoch. Bunaithe ar an bplé sin, ba cheart don ghrúpa cinneadh a dhéanamh freisin maidir lena sluán feachtais agus ról a leithdháileadh do chuid (3) den Bhileog Pleanála Feachtas.

CUID 2: AN FEACHTAS A CHUR I NGNÍOMH

Céim 5: Is é an chéad chéim eile chun d'fheachas a chur i ngníomh. Ba cheart do na fairne straitéisí do Thoghchán Ros Comáin Thuaidh tosú.

Déanfaidh beirt scoláirí an t-ábhar toghchánaíochta a thaispeáint don chuid eile den rang, agus tugann an tríú scoláire breac-chuntas gairid ar gnéithe suntasacha an phóstaeir agus na billeoige. Gníomhóidh an ceathrú ball den fhoireann mar an iarrthóir agus tabharfaidh an ball sin aitheasc an fheachtais don chuid eile den rang.

Céim 6: Déanfaidh na fairne eile do thoghchán Ros Comáin Thuaidh na céimeanna thusa arís go dtí go mbeidh a n-aithisc tugtha ag gach duine de na hiarrthóirí.

Céim 7: Tabharfar am go leor don rang chun an ballóid vótala a chomhlánú le haghaidh fothoghchán Ros Comáin Thuaidh thíos. Cuir Uimh. 1 sa bhosca in aice leis an iarrthóir is ansa leat.

Déan machnamh ar an méid a leanas agus do vóta á chaitheamh:

- Cailíocht an ábhair toghchánaíochta (póstaeir & billeog)
- Leibhéal an ullmhúcháin agus na hiarrachta a cuireadh i bhfeachtas an toghcháin
- A oiread agus a bhí aitheasc an fheachtais mealltach
- Cé chomh éifeachtach agus a bhí an póstaeir, an billeog agus an aitheasc maidir le beartais an iarrthóra a achoimriú
- Cé chomh maith agus a baineadh an bonn ón bhfreasúra leis an bpóstaeir, leis an mbilleog agus leis an aitheasc

Céim 8: Ba cheart do na hiarrthóirí le haghaidh fothoghcháin Longfort Thuaidh agus Oirtheor Chontae an Chláir an chéad cur i láthair eile a dhéanamh don rang mar a rinne fairne Ros Comáin. Tar éis do na hiarrthóirí uile do gach fothoghchán labhairt leis an rang, tabharfar am go leor don rang chun an ballóid a chomhlánú.

**North Roscommon, By-Election
February 1917**

PARTY	CANDIDATE	VOTE
IPP	DEVINE THOMAS	
IND	PLUNKETT, GEORGE	
IND	JASPER TULLY	

**South Longford, By-Election
May 1917**

PARTY	CANDIDATE	VOTE
IPP	McKenna, Patrick	
SF	McGuinness, Joseph	

**East Clare, By-Election
July 1917**

PARTY	CANDIDATE	VOTE
IPP	LYNCH, PATRICK	
SF	DE VALERA, EAMON	




Rinneadh an fothoghchán i Ros Comáin a ghairm tar éis bhás J.J. O'Kelly, TP Pháirtí Parlaiminteach na hÉireann, a raibh an suíochán aige gan freasúra ó 1895. Ba iad na triúr iarrthóirí Thomas Devine, Pháirtí Parlaiminteach na hÉireann; Jasper Tully, úinéir agus eagarthóir an Roscommon Herald, a sheas mar larrthóir Neamhspleách, agus an Cunta George Noble Plunkett, athair dhuine de cheannairí Éirí Amach 1916, a

sheas mar larrthóir Neamhspleách freisin. Thaistil Arthur Griffith, Michael Collins, baill de Chumann na mBan, de Chonradh na Gaeilge agus d'Óglaigh na hÉireann chuit Ros Comáin chun críocha toghchánaíochta. Tugadh 'toghchán na sneachtaí' ar fothoghchán Ros Comáin agus canbhasálaithe ag tabhairt dúshlán na ráthanna sneachta agus bhí ar Óglaigh na hÉireann na bóithre a ghlanadh do na vótálaithe.

<https://www.youtube.com/watch?v=jEMYazMyFf4&feature=youtu.be>

FEABHRA 1917: NA HIARRTHÓIRÍ



COUNT GEORGE NOBLE PLUNKETT

larrthóir Neamhspleách

Clár don Toghchán:

IS IONANN VÓTA AR SON PLUNKETT AGUS:


Vóta ar son fir ar spiorad Éirí Amach 1916 ina bheatha é.

Vóta i gcoinne na críochdheighilte agus i gcoinne coinscríofa.

Vóta ar son fear uasal agus fear léinn (iar-Stiúrthóir Ard-Mhúsaem na hÉireann).

Vóta ar son fir nach bhfuil nasctha le haon pháirtí polaitiúil.

Vóta ar son fir atá i dteideal trua agus tacaíochta mar gheall ar an méid a d'fhulaing sé agus a d'fhulaing a theaghlaich ar son náisiúnachas na hÉireann.



THOMAS DEVINE

larrthóir Pháirtí Parlaiminteach na hÉireann

Clár don Toghchán:


IS IONANN VÓTA AR SON DEVINE AGUS:

Vóta ar son comhsheasmhachta - fear a 'dhéanfaidh mar a rinne J.J. O'Kelly roimhe seo go macánta agus go dílis'

Vóta ar son fir ag a bhfuil cuntas teiste fada agus cruthaithe de ghníomhaíocht pholaitiúil ar son na cúise náisiúnta (Rialtas Dúchais)

Vóta ar son páirtí láidir de Náisiúnaithe, aontaithe a bhfuil smacht orthu An Páirtí Rialtais Dúchais)

Vóta i gcoinne an Chunta agus i gcoinne Tully a bhfuil an cuma orthu nach bhfuil siad 'ag seasamh ar son rud ar bith ach iad féin.'



JASPER TULLY

larrthóir Neamhspleách

Clár don Toghchán:

IS IONANN VÓTA AR SON TULLY AGUS:

Vóta ar son fear áitiúil a bhfuil a shúil ar chúrsai áitiúla.

Vóta ar son fir a throid i gcoinne cánachas ard agus é ina chomhalta de Chomhairle Contae Ros Comáin.

Vóta i gcoinne an Chunta Plunkett 'atá lag agus teola' agus beagnach 70 bliain d'aois.

Vóta i gcoinne an Chunta a bhí i bpriosún i Sasana tar éis 1916, ach a shéan go leanúnach go raibh aon bhaint aige leis an Éirí Amach.

SOUTH LONGFORD
VOTE!
MAY 1917

Mar gheall ar bhás TP Pháirtí Parlaiminteach na hÉireann John Phillips in Aibreán 1917 bhí fothoghchán ar siúl i Longfort Theas i mBealtaine. Ba TP Rialtais Dúchais sean-bhunaithe é Paddy McKenna, larrthóir Pháirtí Parlaiminteach na hÉireann agus bhí an-mheas air i Longfort. B'as Contae Ros Comáin ó dhúchas é a chéile comhraic, Joseph McGuinness, a chuidigh le craobh de Chonradh na Gaeilge a bhunú i mbaile Longfort i 1902 sular chuir sé faoi i mBaile Átha Cliath. Throid sé le garastún na gCeithre Cúirteanna i 1916 agus gearradh trí bliana de phianseirbhís air i

bPrósún Lewes i Sasana. Agus é fós i bprósún roghnaíodh é mar iarrthóir Shinn Féin do fothoghchán Longfort Theas. Cé gur thacaigh na sagairt níos sine leis an iarrthóir Rialtais Dúchais, bhí na sagairt níos óige taobh thiar de McGuinness. Ba shaintréith fheachtas Shinn Féin é ón túis fuinneamh agus gníomhaíocht na gcanbhasálaithe agus thaistil lucht iomráiteach Shinn Féin go Longfort chun cuidiú le hiarracht an toghcháin agus Arthur Griffith, an Cunta agus an Chuntaois Plunkett, Bean Mhic Phiarais, Kathleen Clarke agus Darrell ina measc.

BEALTAINE 1917: NA HIARRTHÓIRÍ



JOSEPH MCGUINNESS

Iarrthóir Shinn Féin

Clár don Toghchán:

IS IONANN VÓTA AR SON MCGUINNESS AGUS:


Vóta ar son 'an fhir i bprósún ar son na hÉireann' - 'Cuir isteach é chun é a fháil amach'

Vóta ar son an fhir a throid sna Ceithre Cúirteanna le Ned Daly, mairtíreach Éirí Amach 1916

Vóta agóide i gcoinne phrósúnacht reibiliúnaigh 1916 agus i gcoinne na dóighe crua ina gcaitear leo.

Vóta i gcoinne McKenna a gcinnteoidh a pháirtí go ndéanfar coinscríobh a shíneadh go hÉirinn

Vóta chun críochdheighilt na hÉireann a chosc



PADDY MCKENNA

Iarrthóir Iarrthóir Pháirtí Parlaiminteach na hÉireann

Clár don Toghchán:

IS IONANN VÓTA AR SON MCKENNA AGUS:

Vóta ar son an pháirtí a sheas go gníomhach i gcoinne an Choinscríofa d'Éirinn

Vóta ar son an pháirtí a dhéanfaidh suíochán agus cobhsaíocht a choimeád in Éirinn

Vóta ar son an fhir a bhí i gcónaí ina oibrí diógraiseach agus gníomhach sa ghluaiseacht bhunreachtúil

Vóta ar son duine de bhunadh Longfort a thug seirbhís dhílis do leasanna a thíre

Vóta ar son an fhir a chaill do John Phillips i 1907 agus gan ach 6 vóta i gceist

EAST CLARE
VOTE!
JULY 1917

Bhí an-mheas ag muintir Chontae an Chláir ar Willie Redmond, deartháir le John Redmond agus ionadaí Pháirtí na hÉireann d'Oirtheor Chontae an Chláir le haghaidh cùig bliana is fiche. Agus é cinnte go ndéanfaí Rialtas Dúchais a aimsiú trí dhílseacht na hÉireann don Choróin, chuaigh Willie Redmond leis na trúpaí Éireannacha i bhFlóndras agus é trí bliana is caoga d'aois agus maraíodh é sa troid an 7 Meitheamh 1917. Rinneadh fothoghchán a ghairm chun an suiochán folamh a líonadh in Oirtheor Chontae an Chláir. Chuir Sinn Féin Éamon de Valera ar aghaidh mar iarrthóir, an duine is sinsearaí a tháinig slán ó Éiri Amach 1916. I ng-náth-amanna bheadh seans maith ag iarrthóir Pháirtí na

hÉireann, Patrick Lynch, an suiochán a bhuchan. Tháinig sé as teaghlach Chontae an Chláir a raibh meas air agus ag a raibh baint fhada le náisiúnachas. Bhí sé ina abhcóide agus ceapadh é mar ionchúisitheoir sinsearach na corónach do Chiarraí i 1908. Thuairiscigh an RIC go raibh "corraíl mhór ann mar gheall ar phlódú an chontae le lucht Shinn Féin, le príosúnaigh reibiliúnacha scailte saor agus le can-bhasálaithe don Uasal de Valera" Troideadh an toghchán, ina bhfacthas Óglaigh na hÉireann in éide iomlán den chéad uair ón Éiri Amach, ar shaincheist an fhéinrialtais laistigh den impireacht i gcoinne phoblacht neamhspleách na hÉireann.

IÚIL 1917: NA HIARRTHÓIRÍ



EAMON DE VALERA

Iarrthóir Shinn Féin

Clár don Toghchán:
IS IONANN VÓTA AR SON DE VALERA AGUS:

Vóta ar son an t-aon cheannfort amháin a tháinig slán ó Éiri Amach 1916


Vóta ar son na hÉireann, Poblacht Neamhspleách

Vóta ar son an fhir a bhfuil tacaíocht na hEaglaise Caitlicí aige

Vóta i gcoinne an Choinscríofa

Vóta i gcoinne na Críochdheighilte

Vóta ar son theanga dúchais agus ghnásanna na hÉireann



PATRICK LYNCH

Iarrthóir Pháirtí Parlaiminteach na hÉireann

Clár don Toghchán:
IS IONANN VÓTA AR SON LYNCH AGUS:
Vóta ar son chomharba soiléir Willie Redmond ar a raibh an-mheas

Vóta ar son Pháirtí na hÉireann a chuir na hAchtanna Talamh-Cheannaigh chun cinn i bParlaimint chun leasa Chontae an Chláir, contae talmhaíochta den chuid is mó

Vóta ar son Pháirtí na hÉireann a raibh a chur i gcoinne bParlaimint ina bhac amháin a chuir cosc ar choinscríobh in Éirinn - Ní dhearnadh ach an argóint a neartú go raibh coinscríobh riachtanach mar gheall ar Éiri Amach 1916

Vóta i gcoinne Sinn Féin mar de thoradh ar a pholasáí beartaithe chun staonadh ó Pharlaimint ligfí do thabhairt isteach an choinscríofa mar réamhshocrú

Do Fheachtas Toghcháin A Phleanáil



Ainm an Iarrthóra:

Sluaghán an Fheachtais:

Tasc	Cur Síos	Scoláirí atá Sannta don Tasc
1. Taighde an Fheachtais	<p>Déanann baill na foirne taighde níos grinne ar na nithe a leanas</p> <p>(a) Chúlra bhur n-iarrthóra agus a láidreachtaí agus laigí príomhúla</p> <p>(b) Iarrthóir(i) an fhreasúra, a chúlra(gcúlra) agus príomhbheartais.</p> <p>(c) Príomh-laigí an fhreasúra</p> <p>(d) Na vótálaithe ionchasacha de do chuid agus conas teagmháil a dhéanamh leo ar an mbealach is fíorr</p>	(a) ----- (b) ----- (c) ----- (d) -----
2. Déanaigí bhur dTeaicteí Toghchánaíochta	<p>(a) Liostaigh roinnt pearsantachtaí iomráiteacha ó 1917 a d'fhéadfadh a bheith toilteanach cuidiú le feachtas bhur n-iarrthóra</p> <p>(b) Liostaigh roinnt gníomhaíochtaí a mbeadh bhur n-iarrthóir in ann páirt a ghlacadh iontu chun tacaíocht a spreagadh</p> <p>(c) Liostaigh roinnt dóigheanna a mbeadh bhur n-iarrthóir in ann poiblíocht a fháil a theastaíonn go géar</p>	(a) ----- (b) ----- (c) -----
3. Déanaigí bhur bpriomhábhair feachtas a fhobairt	<p>Áirítéar leo sin:</p> <p>(a) Póstaer Toghchánaíochta: cuidsúlach agus suntasach agus teachtaireacht láidir ann</p> <p>(b) Bileog Thoghchánaíochta: Scríofa agus teanga mealltach á húsáid, ba cheart go soláthraítear sonraí faoin iarrthóir leis agus na cúiseanna chun vóta a chaitheamh ar a shon</p> <p>(c) Óráid don Fheachtas: Scríobh óráid mhealltach trí nóiméad don fheachtas le bheith tugtha ag bhur n-iarrthóir</p>	(a) ----- (b, 1) ----- (b, 2) ----- (c) -----



Tacaíocht an Duine lomráitigh anseo

Cúl

Cúiseanna i bpóintí le hurchair
chun vóta a chaitheamh ar son
bhur n-iarrthóra

lomhá Duine ionráiteach ar dhóigh go
dtacódh sé le bhur n-iarrthóir

Tosach

Lógó an Fheachtas Anseo

lomhá Ábhartha Anseo

Sluán an Fheachtas

Liosta Cúiseanna arbh é an tiarthroír an rogha micheart:

An Lár | istigh

Beathaisneis ghairid bhur
n-iarrthóra anseo le híomhá
iomchuí

Taobhphainéal

Aon ábhar ábhartha eile anseo